Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Straitéis tionsclaíochta d'earnáil na teicneolaíochta muirí"

(Tuairim Féintionscnaimh)

(2023/C 100/05)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Christophe TYTGAT**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	11.11.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	574
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	207/2/4

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is é fáth a bhfuil an tuairim féintionscnaimh seo á scríobh ag CESE chun aitheantas a thabhairt don easpa gníomhaíochtaí atá ann i mbeartais na hearnála chun tacú leis na dúshláin agus na riachtanais atá in earnáil na teicneolaíochta muirí (TM). Dá bhrí sin, tá tograí coincréiteacha ag CESE atá le déanamh láithreach bonn le hathléimeacht mhuirí agus neamhspleáchas straitéiseach muirí na hEorpa a neartú agus leis an iomaíochas domhanda a athghnóthú.

1.2. Tá imní ar an gCoiste faoi thodhchaí earnáil TM san Eoraip, mar tá iomaíocht ann atá éagórach uirthi, go háirithe ón Áise.

1.3. Tá CESE ag iarraidh go mbreathnófaí ar TM mar earnáil straitéiseach de chuid an Aontais, sin agus go mbreathnófaí ar a chuid gníomhaíochtaí mar "bonneagar criticiúil" a thúisce is féidir, agus tá sé ag iarraidh go mbeidh straitéis tionsclaíochta muirí ann maille le hacmhainní tiomnaithe leormhaith ag seirbhísí an Choimisiúin. Ní mór a chur san áireamh i straitéis mhuirí Eorpach inbhuanaithe úinéireacht chalafoirt agus bhonneagar criticiúil eile na hEorpa agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

1.4. Tá an Coiste ag iarraidh bearta práinneacha le spreagadh a thabhairt don éileamh intíre ar shoithí glasa ardteicneolaíochta, lena n-áirítear clár de chuid an Aontais maidir le hathnuachan cabhlaigh agus iarfheistiú soithí arb ann dóibh cheana i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (CGE), agus le hinfheistíocht a dhéanamh láithreach bonn sa bhonneagar agus i mbreoslaí malartacha.

1.5. Tá CESE ag iarraidh clásal sonrach sna comhaontuithe déthaobhacha agus saorthrádála, clásail lena n-áiritheofaí saor-rochtain ar an margadh do chuideachtaí muirí an Aontais, rud ba thoirmeasc ar bhacainní trádála, rud ab éileamh ar chómhalartacht agus ar an dícheall cuí. Mura n-éireoidh leis an gcaibidlíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, beidh ar an Aontas gníomhaíochtaí aontaobhacha a thabhairt i gceist chun giaráil a dhéanamh ar a chuid iomaitheoirí idirnáisiúnta.

1.6. Chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, chun neamhspleáchas cosanta agus straitéiseach muirí an Aontais a chosaint, agus chun poist agus acmhainní criticiúla a dhaingniú, creideann an Coiste gur cheart dreasachtaí a chur ar fáil chun saoráidí táirgthe a athlonnú san Aontas chun an dá rud a choinneáil ar fhód an Aontais, is é sin teicneolaíochtaí a mhonaraítear san Aontas mar aon le slabhraí soláthair agus táirgeadh fo-chomhpháirteanna.

1.7. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cláir mhórscála a chur chun feidhme san athsciliú, san uas-sciliú, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET), ach meastóireacht a dhéanamh ar chláir agus scileanna a dhearbhú, maille le rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta agus lucht léinn, agus tá sé ag iarraidh tacaíocht airgeadais le haghaidh Chomhshocrú an Aontais um Scileanna ([1]) agus le haghaidh feachtais ainmnithe chun an earnáil a dhéanamh níos tarraingtí do chách, na mná agus na daoine óga san áireamh.

1.8. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun **aistriú cóir** a áirithiú do gach oibrí agus do gach FBM, chun Comhairlí Oibreacha Eorpacha a chruthú agus a chomhdhlúthú agus chun na caighdeáin shóisialta idirnáisiúnta is airde a chomhlíonadh i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais agus le rialacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Creideann CESE go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste Eorpach um Idirphlé Sóisialta Earnála Longthógála (SSDC) i dtaca leis an ábhar sin agus i dtaca le hearnáil TM a neartú.

1.9. Is deacair do chuideachtaí TM iasachtaí bainc a fháil, sin nó maoiniú poiblí, FBManna go mór mór. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh rialacha tacsanomaíochta ag an Aontas, rialacha a thacódh le hinfheistíochtaí inbhuanaithe san earnáil mhuirí, rialacha a chuirfeadh cuimsitheacht na hearnála sin chun cinn agus a d'áiritheodh deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí teicneolaíochta.

1.10. Tá an Coiste ag éileamh go ndéanfaí an t-airgead a bhailítear ó sháruithe ar an Tionscnamh "FuelEU Maritime" ([2]) agus ioncam ó Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais ([3]) a úsáid freisin chun cuidiú le hearnáil an iompair ar uisce ([4]) agus an slabhra soláthair a bhaineann léi a mhaoiniú, earnáil na teicneolaíochta muirí go háirithe. Tá CESE ag iarraidh go mbunófaí Ciste Ráthaíochta de chuid an Aontais a d'éascódh an rochtain ar mhaoiniú i gcás infheistíochtaí muirí a bhfuil riosca ard ag gabháil leo.

1.11. Creideann CESE nár cheart uirlisí maoinithe an Aontais ná rochtain ar an margadh inmheánach ná úsáid an mhargaidh inmheánaigh a dheonú do chuideachtaí eachtracha a chleachtann an dumpáil shóisialta agus a chuireann isteach ar chothrom na hiomaíochta i gcoitinne. Ba cheart go rachadh an toradh ar infheistíocht na n-uirlisí sin chun tairbhe do chuideachtaí Eorpacha.

1.12. Chun dícharbónú iomlán earnáil TM a ghnóthú, tá gá le haistriú iomlán chuig breoslaí malartacha agus chuig teicneolaíochtaí malartacha. Is díol sásaimh do CESE gur glacadh an Chomhpháirtíocht Chomhchláraithe maidir le hUisce-Iompar Astaíochtaí Nialasacha.

1.13. Creideann an Coiste go bhféadfadh "Grúpa Saineolaithe Muirí" agus "comhaontas tionsclaíoch Eorpach le haghaidh na hearnála teicneolaíochta muirí" cuidiú leis an iomaíochas domhanda a fheabhsú, agus cuidiú le hathghabháil an iomaíochais sin in earnáil TM.

1.14. Ar an ásc deiridh, tá CESE ullamh chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh ag cuidiú le hearnáil TM dul i ngleic leis na dúshláin atá roimpi, agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit straitéis tionsclaíochta muirí a chur chun feidhme le teann práinne. Is cúis imní do CESE go rachaidh na cumais mhuirí atá ag an Aontas i léig, sin agus an fios gnó atá aige chomh maith, mura mbí bosca uirlisí spriocdhírithe aige, agus is cúis imní dó go mbeidh sé ag brath go hiomlán ar an Áise chun longa agus ardáin shibhialta a sholáthar dó, chomh maith le longa agus ardáin chabhlaigh, sin agus trealamh muirí, mar aon le trealamh le húsáid amach ón gcósta. Mura mbí straitéis ar leith ann le haghaidh na tionsclaíochta muirí, straitéis atá le cur chun feidhme go mear, is dona an botún a bheidh déanta ó thaobh na polaitíochta de.

2. **Réamhrá**

2.1. Tá an tuairim féintionscnaimh seo á scríobh ag CESE ar lorg Thuairim CCMI/152 a glacadh in 2018 ([5]). Is é is cuspóir don chuid seo **feasacht a mhúscailt i leith na bhfadhbanna tromchúiseacha atá le sárú ag earnáil TM** ([6]) **an Aontais agus i leith na heaspa gníomhaíochtaí beartais earnála ó údaráis phoiblí AE agus náisiúnta chun tacú le dúshláin agus le riachtanais na hearnála.** Cuireann CESE tograí coincréiteacha ar bun le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun an t-iomaíochas a áirithiú agus chun fás agus gnó a chruthú in earnáil TM. Tá sí ag tathant ar institiúidí an

([1]) An Comhshocrú um Scileanna.
([2]) Togra FuelEU Maritime.
([3]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).
([4]) Ní mór an téarma "earnáil an iompair ar uisce" a thuiscint ar bhealach ionchuimsitheach mar go n-áirítear ann teicneolaíocht mhuirí, iompar muirí, loingseoireacht intíre, bádóireacht áineasa agus luaimhiú, chomh maith leis na slabhraí soláthair atá acu.
([5]) IO C 262, 25.7.2018, lch. 8.
([6]) *Cuimsíonn earnáil na teicneolaíochta muirí na longchlóis agus an slabhra soláthair atá ag táirgeoirí agus soláthróirí córas muirí ina n-iomláine, mar aon leis an trealamh agus an fearas teicneolaíochta atá acu. Ní áirítear anseo soláthraithe seirbhísí muirí (e.g. cuideachtaí loingseoireachta, údaráis chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí calafoirt).*

Aontais, ar na Ballstáit, ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar gheallsealbhóirí eile gníomhaíochtaí beartais a shainaithint agus a dhéanamh go comhpháirteach a thúisce is féidir chun an earnáil straitéiseach sin a shábháil agus a chosaint, d'fhonn cosaint chósta an Aontais a áirithiú, mar aon leis an neamhspleáchas muirí, an rochtain ar thrádáil, an geilleagar gorm agus an cheannaireacht mhuirí go domhanda.

2.2. Tá CESE ag leanúint struchtúr Theachtaireacht LeaderSHIP an Choimisiúin ([7]) d'aon ghnó chun béim a chur ar an easpa dul chun cinn sna ceithre threo atá beartaithe, agus chun foláireamh a thabhairt go bhfuil gá le hidirghabháil spriocdhírithe láithreach bonn i gcomhair earnáil TM, go háirithe i bhfianaise thionchar na paindéime agus iarmhairtí an chogaidh san Úcráin.

3. **Rochtain ar an Margadh agus Dálaí an Mhargaidh Chóir a Fheabhsú**

3.1. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar bhia, ar na hearraí a bhíonn ar díol, sin agus ar an éileamh ar fhuinneamh, rud a mbeidh bonneagar iompair feabhsaithe ag teastáil lena aghaidh, mar aon le breis acmhainní agus soithí, sin agus breis teicneolaíochtaí agus tuilleadh bainistiú lóistíochta san iompar earraí ar uisce (idir mhuirí agus uiscebhealaí intíre). Tá méadú ag teacht freisin ar an éileamh ar an turasóireacht ar an uisce, sin agus ar an turasóireacht chósta agus ar an bhfóillíocht féin.

3.2. Léirigh COVID-19 agus an cogadh san Úcráin na rioscaí straitéiseacha atá ann don Aontas más róspleách dó ar náisiúin eile ar an gcoigríoch le linn an ama a bhfuil ganntanas agus bacainní sna slabhraí soláthair ag déanamh tinnis dó, sin agus de dheasca an ardaithe ar phraghsanna amhábhair agus fuinnimh, rud a chuir brú breise ar chuideachtaí TM. Rud eile a mheabhraigh an cogadh san Úcráin don Aontas is ea a thábhachtaí atá sé acmhainní maithe míleata muirí a bheith ar fáil, acmhainní lena n-áirítear soithí agus teicneolaíochtaí tráchtála agus cabhlaigh le haghaidh na cosanta agus na slándála, agus le haghaidh chosaint na teorann agus an chósta.

3.3. Is fíochmhar an iomaíocht dhomhanda atá in éadan tháirgeoirí an Aontais, agus tá cuideachtaí ón Áise, go háirithe ón tSín agus ón gCóiré Theas, ag cur leis na margaí atá acu féin, a bhuíochas sin le tacaíocht láidir ó rialtas a dtíre féin, tacaíocht lena n-áirítear scéimeanna státchabhrach atá casta go leor, agus níl ach caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil ísle á gcur i bhfeidhm acu san am céanna. Chuir sé sin ar a gcumas dóibh greim a fháil ar chuid de mhargaí traidisiúnta an Aontais, agus orduithe a mhealladh ó chuideachtaí Eorpacha ar phraghsanna díobhálacha. An boilsciú atá ann i láthair na huaire, mar aon leis na praghsanna arda fuinnimh atá ann, is dhá ní iad a chuir brú breise ar tháirgeoirí na hEorpa. Is cúis imní do CESE a bhfuil i ndán d'earnáil TM, agus creideann sé go bhfuil gá le gníomh láithreach bonn chun athléimneacht mhuirí na hEorpa a neartú, chun an t-iomaíochas domhanda a athbhunú, chun seasamh láidir na hEorpa a chosaint in earnáil dhúshlánach thógáil na long agus na bádóireachta áineasa, agus chun an neamhspleáchas straitéiseach muirí atá aici a chosaint.

3.4. Ní mór a chur san áireamh freisin i straitéis mhuirí Eorpach inbhuanaithe úinéireacht chalafoirt agus bhonneagar criticiúil eile na hEorpa agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi, i bhfianaise an-chuid den bhonneagar sin a bheith ceannaithe, ina iomláine nó cuid de, ag cuideachtaí ón tSín atá faoi smacht iomlán nó páirteach ag stát na Síne. Má táthar chun uathriail straitéiseach na hEorpa a áirithiú, tá sé fíorthábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir úinéireachta agus úinéireacht Eorpach a athbhunú nuair is féidir.

3.5. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh straitéis earnála ann i gcomhair earnáil TM chun borradh a chur faoin iomaíochas domhanda atá inti, agus chun cur ar a cumas di leas a bhaint as deiseanna gnó atá ann de bharr an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Ní mór sásraí trádála sonracha AE a fhorbairt láithreach bonn, sin agus an rochtain ar mhaoiniú, ar scéimeanna oiliúna saothair agus cláir ar Thaighde agus Forbairt, más é is aidhm don Aontas leanúint air ag iomaíocht ar an margadh domhanda, margadh atá á fhóirdheonú go mór, margadh atá ar éagothroime, margadh nach gcomhlíonann a chuid príomhiomaitheoirí rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO). Ar a mhuin sin, is éard atá á éileamh ag CESE go mbreathnófaí ar TM mar earnáil straitéiseach de chuid an Aontais, mar atá in SAM, sa tSín, sa tSeapáin nó sa Chóiré Theas, agus go ndéanfaí a dóthain acmhainní daonna agus airgeadais a thiomnú don earnáil i seirbhísí an Choimisiúin.

3.6. Earnáil TM na hEorpa is í is bunchloch faoin gcosaint agus faoin bhfaireachas atá á gcleachtadh san Aontas i leith iompar earraí, i leith fuinnimh agus paisinéirí, agus chun spriocanna polaitiúla an Aontais a aimsiú i dtéarmaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (CGE) agus an gheilleagair ghoirm. Tá CESE ag iarraidh beart práinneach a spreagfaidh éileamh intíre ar shoithí glasa ardteicneolaíochta, lena n-áirítear clár AE i gcomhair athnuachan na gcabhlach (e.g. na cabhlaigh iascaireachta náisiúnta, na cabhlaigh i gcomhair turais ghearra, cabhlaigh a iompraíonn earraí nó paisinéirí ó áit go chéile in aon tír amháin, agus báid áineasa) agus iarfheistiú na soithí atá ann cheana i gcomhréir le spriocanna CGE.

([7]) *LeaderSHIP 2020 – The Sea: new opportunities for the Future.*

3.7. Tá CESE á thabhairt dá aire go bhfuil tionchar díreach ag CGE ar iomaíochas na hearnála ós athrú ó bhonn aníos é sin ar an earnáil iompair ar uisce ina hiomláine. Is é toradh a bheidh ar a chur chun feidhme sin gur tapúla a chuirfear breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí malartacha in úsáid. Mar sin féin, tá CESE á chur in iúl go gcuireann bonneagar teoranta agus dofhaighteacht breoslaí malartacha bac ar athrú tapa, agus dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh go ndéanfaí infheistíocht ina leithéid sin láithreach bonn, Ciste Muirí tiomnaithe AE a chur ar bun, cuir i gcás. Ba cheart na gnéithe sonracha atá ag roinnt le gach cineál soithigh a mheas, agus ba cheart treochlár sonrach a bheith ann le haghaidh gach ceann de na nithe seo a leanas faoi seach: córais tiomána, breoslaí, agus teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha.

3.8. Is cúis imní do CESE na bacainní trádála atá ag an Áise ar chuideachtaí Eorpacha, agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí na comhaontuithe déthaobhacha saorthrádála agus na comhpháirtíochtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair – agus a bheidh ann sa todhchaí – a thabhairt cothrom le haimsir i gclásail a áiritheoidh rochtain ar an margadh saor in aisce do chuideachtaí muirí an Aontais, clásail a chuirfidh toirmeasc ar bhacainní trádála, clásail a áiritheoidh an chómhalartacht mar aon leis an dícheall cuí.

3.9. Creideann CESE gurb iad an plé agus na comhaontuithe idirnáisiúnta an bealach is fearr chun cinn i gcoinne na caomhnaitheachta trádála, agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena chuid iarrachtaí idirnáisiúnta chun rialacha domhanda a chur i réim. Seo rogha eile: tabhairt ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí aontaobhacha a chur i bhfeidhm – fad is gá – chun giaráil a dhéanamh ar a chuid iomaitheoirí idirnáisiúnta. Measann CESE gur tosaíocht é an gníomhú i gcoinne fóirdheonú eachtrach agus i gcoinne praghsáil dhíobhálach.

3.10. Tionscal TM is é is bunchloch faoi gheilleagar gorm na hEorpa arae déanann sé soithí, struchtúir agus teicneolaíochtaí a thógáil agus a iarfheistiú, e.g. chun cabhlach iascaigh glas a fhorbairt, mar aon le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, sin agus an dobharshaothrú nó an mhianadóireacht i ndomhain na farraige. Chun spriocanna CGE a aimsiú, beidh ar an Aontas méadú suntasach a chur ar an acmhainneacht thionsclaíoch atá ann le haghaidh foinsí in-athnuaite muirí amach ón gcósta agus le haghaidh breoslaí malartacha eile. Mura ndéanfar sin, beidh an tAontas ag brath ar acmhainneacht eachtrach leis an margadh straitéiseach sin a fhorbairt agus lena chuid spriocanna CGE féin a aimsiú. Chun an riosca sin a sheachaint, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún earnáil straitéiseach TM agus na gníomhaíochtaí atá ag gabháil leis a cháiliú láithreach bonn mar "bhonneagar criticiúil".

3.11. Is láidir a chreideann an Coiste nach féidir ceannaireacht eacnamaíoch an Aontais a ghnóthú ach amháin le saoráidí táirgthe láidre ar fhód an Aontais, ós rud é gurb é sin an t-aon bhealach atá ann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, le neamhspleáchas cosanta agus straitéiseach muirí an Aontais a chosaint, le saoránaigh an Aontais a choinneáil slán sábháilte, sin agus lena gcuid post a chosaint. Rud eile atá CESE a iarraidh clár agus dreasachtaí tiomnaithe do na táirgeoirí ar mian leo a gcuid saoráidí táirgthe féin a athlonnú san Aontas.

4. **Fostaíocht agus Scileanna**

4.1. Cruthaíonn earnáil TM thart ar 1 mhilliún post sna réigiúin mhuirí ar fud na hEorpa ([8]).

4.2. Tá gá le speisialtóireacht i measc an lucht saothair chun glacadh leis an nglasú agus leis an digitiú agus chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a ghlacadh. Chuige sin, tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cláir mhórscála athscilithe, uas-scilithe agus VET a fhorbairt agus a chur chun feidhme láithreach bonn, ach meastóireacht a dhéanamh ar chláir agus scileanna a dhearbhú, maille le rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta agus lucht léinn. Ar a mhuin sin, tá CESE ag iarraidh go dtabharfar tacaíocht choincréiteach airgeadais don Chomhshocrú Eorpach um Scileanna agus d'fheachtais ainmnithe a fhágfaidh go mbeidh an earnáil níos tarraingtí do na mná, do dhaoine óga, do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá sé á thabhairt le fios ag CESE gur daoine le hardscileanna TM atá ag teastáil san earnáil, ardscileanna sa róbataic, i réimse na hintleachta saorga, na cibearshlándála, na braiteoireachta, an uathoibrithe agus na priontála 3T, chomh maith le hinnealtóirí ardoilte, mar aon le gá ar leith a bheith san earnáil le ceardaithe (táthairí, leictreoirí, agus feisteoirí píopaí, mar shampla).

4.3. Comhlíonann cuideachtaí Eorpacha na caighdeáin shóisialta idirnáisiúnta is airde i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais agus le rialacha EIS. Aithníonn CESE an obair atá á déanamh ag cuideachtaí Eorpacha leis an mbealach a thaispeáint agus le caighdeáin idirnáisiúnta saothair a ardú, agus aithníonn sé an tábhacht atá le dálaí maithe oibre, tuarastail chuibhiúla, agus slándáil shóisialta do lucht saothair na hearnála, agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí tuilleadh díchill chun Comhairlí Oibreacha Eorpacha a chruthú agus a chomhdhlúthú. Ar a mhuin sin, tá an Coiste á athdhearbhú nach mór oibrithe a phostaítear i mBallstát eile a bheith i dteideal sraith de na bunchearta atá i bhfeidhm sa Bhallstát óstach i gcomhréir leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú.

([8]) A Future European Maritime Technology Industrial Policy.

4.4. Amhail a léiríodh i straitéis LeaderSHIP 2020 (2013), beidh deacrachtaí ag earnáil TM maidir le haistriú feasa gnó a áirithiú ó ghlúin go glúin. Is trua le CESE nach ndearnadh aon ghníomhaíocht shonrach (AE) fós ina leith sin, agus tá treochlár soiléir á iarraidh aige chun aistriú cóir a áirithiú, earnáil TM a dhéanamh níos tarraingtí, agus saoráidí leordhóthanacha oideachais agus oiliúna a chruthú ina bhfuil curaclaim agus scileanna nua curtha in oiriúint do threochtaí nua agus do shamhlacha gnó nua agus don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Ní mór an creat um aistriú cóir a bheith bunaithe ar idirphlé sóisialta, agus ní mór foráil a dhéanamh maidir le hacmhainní leordhóthanacha chun lucht saothair nua a mhealladh agus tacú le haistrithe ó phost go post agus le hathoiliúint agus uas-sciliú na n-oibrithe, lena n-áirítear oiliúint sláinte agus sábháilteachta i dtaca le teicneolaíochtaí agus próisis nua. Ba cheart meastóireacht agus deimhniú a dhéanamh ar gach clár, d'fhonn an oiliúint a dhéanamh aonfhoirmeach agus a bheith bunaithe ar chaighdeáin chomhionanna.

4.5. Creideann CESE go bhfuil ról ríthábhachtach ag SSDC i neartú earnáil TM. Tá urraim dlite don idirphlé sóisialta ar chaighdeán ard, do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha uaillmhianacha, do chomhaontuithe agus don chomhar idir na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear trí SSDC, ós nithe iad sin ar fad a bhfuil tábhacht thar na bearta leo.

5. **An rochtain ar Mhaoiniú**

5.1. Measann CESE gur rud ríthábhachtach saoráidí táirgthe a choinneáil ar fhód na hEorpa agus iad a chur sa riocht a mbeidh siad iomaíoch, agus tá sé ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú an tionscail. Tá biorú ar na deacrachtaí atá ag earnáil TM iasachtaí bainc agus maoiniú poiblí a fháil, agus níl aici ach teacht an-teoranta ar fhoinsí eile maoinithe. Is do na FBManna is mó atá an scéal ag déanamh tinnis. Rud eile atá CESE a iarraidh rialacha tacsanomaíochta AE a thacódh le hinfheistíochtaí inbhuanaithe san earnáil mhuirí gan aon duine a fhágáil ar an trá fholamh, agus gan idirdhealú a bheith idir na dreamanna éagsúla atá gníomhach san earnáil. Ní mór critéir feidhmíochta comhshaoil a ailíniú le reachtaíocht an Aontais, agus ní mór deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh na n-infheistíochtaí teicneolaíochta.

5.2. Creideann CESE gur cheart don Aontas spreagadh airgeadais a thabhairt d'úinéirí long an Aontais chun soithí a thógáil san Eoraip, ach na slabhraí soláthair agus táirgeadh na bhfo-chomhpháirteanna a choinneáil ar fhód an Aontais a mhéid is féidir. Ba cheart cistí tiomnaithe agus glaonna ar thograí a chur san áireamh arae is ar éigean atá deiseanna muirí luaite ná pléite sna comhaontuithe comhpháirtíochta ná sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

5.3. Rud eile atá an Coiste a iarraidh go n-úsáidfí an t-airgead a bhailítear de dheasca sárú ar an Tionscnamh FuelEU Maritime mar aon leis an ioncam ó Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais mar fhoinse mhaoinithe thiomnaithe bhreise d'earnáil TM go háirithe i gcás TFN. Tá CESE ullamh chun páirt a ghlacadh i gcruthú beartas agus scéimeanna nua cistiúcháin AE, agus tá sé ag iarraidh go dtabharfaidh institiúidí an Aontais é faoi scáth gach plé dá ndéanfar ar an ábhar sin san am atá romhainn.

5.4. Ós rud é nach leor na hionstraimí airgeadais atá ann cheana, agus ó tharla gan iad curtha in oiriúint do na hearnálacha dianchaipitil, tá CESE ag athiarraidh ar an gCoimisiún ionstraim airgeadais thiomnaithe a sheoladh a fheabhsóidh infheistíocht in earnáil atá dian ar chaipiteal, fearacht thionscal Eorpach TM, agus ba cheart fós smaoineamh ar chlár maoiniúcháin a chur ar bun chun saoráidí athchúrsála Eorpacha a chumasú d'fhonn deireadh a chur le longa móra de chineálacha éagsúla ([9]). Tá CESE ag iarraidh go mbunófaí Ciste Ráthaíochta de chuid an Aontais, ciste a d'éascódh an rochtain ar mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí muirí a bhfuil riosca ard ag gabháil leo. Soithí a bhfuil deireadh seoltóireachta déanta acu, ba cheart maoiniú AE a thabhairt i gceist lena mbaint ó chéile agus lena n-athchúrsáil, báid áineasa agus iascaireachta san áireamh.

5.5. Ar an ásc deiridh, níl sé inghlactha rochtain ar chistí AE ná ar an margadh inmheánach a bheith ag cuideachtaí neamh-AE nach n-urramaíonn caighdeáin AE (e.g. maoiniú BEI). Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas prionsabal na cómhalartachta agus an díchill chuí a chur i bhfeidhm go docht ar urramú chaighdeáin an Aontais, agus ba cheart dó a áirithiú nach n-úsáidfear nó nach ndeonófar rochtain ar an margadh inmheánach do chuideachtaí atá ag buanú na dumpála sóisialta, cuideachtaí a chuireann an iomaíocht dhomhanda ó chothromaíocht. Ba cheart don Choimisiún an rialachán

([9]) IO C 262, 25.7.2018, lch. 8.

maidir le fóirdheontais eachtracha a chur i bhfeidhm i dtaca le longchlóis agus monaróirí trealaimh mhuirí a ndéantar fóirdheonú ón gcoigríoch orthu agus ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2016/1035 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) maidir le cosaint i gcoinne praghsála díobhálaí soithí a athbhreithniú.

6. **Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TFN)**

6.1. D'fhonn spriocanna CGE a aimsiú agus straitéis tionsclaíochta an Aontais a chur chun feidhme, tá gá le cur chuige earnálach maille le gníomhaíochtaí sonracha beartais i gcomhair na hearnála. Is mian le CESE a chur i bhfios gur fada an bóthar ón teoiric go dtí an cleachtas, agus gur trua leis an easpa gníomhaíochta chun tacú le dul chun cinn tionsclaíoch an Aontais. Is fanacht in aisce atá déanta ag an gCoiste, na comhpháirtithe sóisialta agus na táirgeoirí áitiúla chomh maith, le rud a spreagfadh aistriú na hearnála chuig soithí glasa, breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí malartacha chun an pacáiste "Oiriúnach do 55" ([11]) a chomhlíonadh.

6.2. Is ríthábhachtach an rud glacadh le teicneolaíochtaí suaiteacha nua (e.g. braiteoirí cliste do longa agus do chalafoirt, anailísíocht na sonraí, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, an néalríomhaireacht, IS) chun fanacht chun cinn ar na hiomaitheoirí eile. Fágfaidh siad sin go mbeidh seirbhísí loingseoireachta agus slabhraí soláthair níos comhtháite ann, mar aon le méadú sábháilteachta agus méadú éifeachtúlachta fuinnimh, sin agus dearthóireacht den scoth. Mar sin féin, tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil na táirgeoirí áitiúla ag infheistiú ar an meán 9 % dá gcuid láimhdeachais bhliantúil in TFN cheana féin, agus tá sé ag iarraidh go mbeadh beartais phoiblí ainmnithe ann mar aon le méadú ar an tacaíocht airgeadais le haghaidh na gceannródaithe sin.

6.3. Tá an Coiste ag iarraidh go ndéanfaí tuilleadh díchill ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chomh maith, chun acmhainneachtaí cibearshlándála a mhéadú, ós rud é go dtiocfaidh méadú ar an gcibear-riosca i dteannta leis an éabhlóid theicneolaíoch agus le teacht ann do phróisis agus do shoithí uathoibrithe.

6.4. Chun talamh slán a dhéanamh de dhícharbónú iomlán earnáil TM, tá gá le haistriú iomlán chuig breoslaí malartacha agus malairt teicneolaíochtaí. Cé gurb í an earnáil seo an modh iompair is lú a chaitheann fuinneamh, tá sé á chur in iúl ag CESE go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur ar scéal na hathchúrsála, ar na hinfheistíochtaí glasaithe, ar chalafoirt atá saor ó astaíochtaí agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, ar bhonneagar na n-uiscebhealaí agus ar shlabhraí lóistíochta na gcalafort. Tá CESE ag iarraidh go dtacófaí leis an taighde agus leis an nuálaíocht in earnáil TM, ós rudaí iad sin araon atá ríthábhachtach le haghaidh fhorbairt na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha agus le haghaidh coincheapa malartacha féideartha in earnáil an iompair ar muir, sin agus le haghaidh iomaíochas earnáil TM. I ndáil leis sin, ba cheart comhar breá leathan a lorg leis an tionscal cosanta.

6.5. Braitheann todhchaí earnáil TM ar bhailiú agus ar bhainistiú na sonraí, ós deis mhaith í anailísíocht na sonraí chun lóistíocht, oibríochtaí loinge, agus faireachán spásúil ar limistéir mhóra farraige agus ar fheidhmíocht comhshaoil an loingis a fheabhsú.

6.6. Is rud ríthábhachtach d'earnáil TM fios gnó agus maoin intleachtúil a chosaint. Ní mór do chuideachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus ní mór dóibh leas na sochaí a dhéanamh a bhuíochas leis an eolas a fhaigheann siad ó TFN le maoiniú ón Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart teicneolaíochtaí muirí glasa cliste a fhorbraítear trí thionscadail AE a mheas mar theicneolaíochtaí straitéiseacha d'iomaíochas agus d'uathriail straitéiseach an Aontais, agus ba cheart go bhféadfaí srian a chur go sealadach ar an rochtain atá ag cuideachtaí nach de chuid an Aontais iad ar thorthaí na dtionscadal sin i gcomhréir le forálacha dlíthiúla Fís Eorpach. Na tionscail iompair ar uisce nach bhfuil san áireamh go fóill i raon feidhme na gcomhpháirtíochtaí reatha, báid áineasa agus luaimh, cuir i gcás, ba cheart deis a bheith acusan tairbhe as maoiniú TFN faoin gclár Fís Eorpach freisin.

6.7. Ar an ásc deiridh, tá sé á chur in iúl ag CESE gur féidir le hinfheistíochtaí TFN ról ceannasach an Aontais san iomaíocht dhomhanda a áirithiú, agus dá bhrí sin is díol sásaimh dó gur glacadh an Chomhpháirtíocht Chomhchláraithe maidir le hUisce-Iompar Astaíochtaí Nialasacha.

7. **Barúlacha deiridh**

7.1. Ach oiread le modhanna iompair eile, creideann an Coiste go bhféadfadh "Grúpa Saineolaithe Muirí" agus "comhaontas tionsclaíoch Eorpach le haghaidh na hearnála teicneolaíochta muirí" cuidiú leis an iomaíochas domhanda a fheabhsú agus a athghabháil in earnáil TM.

([10]) Rialachán (AE) 2016/1035 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne praghsála díobhálaí soithí (IO L 176, 30.6.2016, lch. 1).

([11]) *"Fit for 55": delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* ("Oiriúnach do 55": Sprioc Aeráide an Aontais do 2030 i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach].

7.2. Mura ndéantar aon ghníomhaíocht ar leibhéal na hearnála, d'fhéadfadh an tuairim seo ó CESE a bheith ar cheann de na hiarrataí deireanacha a iarrfaidh tacaíocht láithreach bonn d'earnáil TM chun an margadh, chun cumais thionsclaíocha agus chun poist san Eoraip a chosaint agus le margaí atá séanta uirthi a athghnóthú. Tá a chion féin déanta ag CESE chun feasacht a mhúscailt i leith na ngníomhaíochtaí beartais is gá, agus tá sé ullamh chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun an earnáil a dhéanamh níos iomaíche. Má theipeann ar an Aontas gníomh a dhéanamh le teann práinne, agus straitéis thiomnaithe don tionsclaíocht mhuirí a chur i gcrích agus a chur chun feidhme go mear, d'fhéadfadh go mbeadh sé i dtuilleamaí na hÁise go hiomlán le longa a fháil, le struchtúir shibhialta agus chabhlaigh a fháil, agus le trealamh muirí a fháil le húsáid amach ón gcósta. Ní hamháin gur mhór an trua sin, ach is dona an earráid a bheadh ann ó thaobh na polaitíochta de chomh maith.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG